| Riachtanais Speisialta Oideachais san Iar-bhunscolaíocht | Meitheal Forbartha Cruinniú 16, 10 Meán Fómhair, 2024.<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Miontuairiscí** | Moladh agus comhaontaíodh ar na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach. |
| **Nuashonrú ar Chláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí** | Tugadh nuashonrú don mheitheal ar fhorbairtí na sraithe sinsearaí, ina raibh foilsiú Ráiteas Chlár na Sraithe Sinsearaí do chláir foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 san áireamh ann chomh maith le ceithre réimse curaclaim. Bunófar líonra de scoileanna chun tacú le forbairt na gclár seo. Gheall CNCM nuashonrú a thabhairt ar an obair leis an Líonra Scoileanna ag gach cruinniú de chuid na Meithle Forbartha (MF). |
| **Clár Foghlama Leibhéal na Sraithe Sinsearaí ar Mo Shaol M'Airgeadas** | Tugadh forléargas ar chlár foghlama Mo Shaol, M'Airgeadas agus chomhaontaigh an MF ar an gclár foghlama seo a chur ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile laistigh de phróisis forbartha curaclaim CNCM. |
| **Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí sa Drámaíocht** | Rinne an MF athbhreithniú agus plé ar CFL2SS sa Drámaíocht. Bailíodh aiseolas ón MF, a ndéanfaidh an feidhmeannas athbhreithniú air agus cuirfear dréacht nua i láthair ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí sa Litríocht** | Rinne an MF athbhreithniú agus plé ar CFL2SS sa Litríocht. Bailíodh aiseolas ón MF, a ndéanfaidh an feidhmeannas athbhreithniú air agus cuirfear dréacht nua i láthair ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Aonad Tosaíochta Foghlama na Sraithe Sóisearaí: Scileanna Saoil** | Rinne an MF athbhreithniú agus plé ar ATF na Sraithe Sóisearaí ar Scileanna Saoil. Bailíodh aiseolas ón MF, a ndéanfaidh an feidhmeannas athbhreithniú air agus cuirfear dréacht nua i láthair ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Na Chéad Chéimeanna Eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill na Meithle Forbartha as a gcuid rannpháirtíochta agus thug sé aitheantas don obair shuntasach atá déanta ag an MF go dtí seo.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** 16 Deireadh Fómhair, 2024 |